

Éire san Aois Romhainn (2009, 2011, 2012, 2018)

Tá deireadh an chéid seo buailte linn nach mór, agus céad eile ag **bagairt** (threat) orainn. Tá sé á thuair cheana féin go bhfuil athruithe móra i ndán dúinn san aonú aois is fiche. Dea-scéal é, tá súil agam gur athruithe chun feabhais agus chun maitheasa iad. Mar, i gcoitinne, táimid i bhfad Éireann níos fearr as anois ná mar a bhí daoine fadó: tá sláinte an duine **feabhsaithe** (improved) agus tá saoirse phearsanta agus cearta sibhialta bainte amach ag daoine, agus ag mná na hÉireann, go háirithe.

Ar ndóigh, is dócha nach bhfuil a fhios ag éinne cén saol atá romhainn. Ní féidir liomsa ach buille faoi thuairim a thabhairt mar gheall ar cad atá i ndán dúinn san aonú aois is fiche.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom fadhbanna sóisialta a phlé. Is é mo bharúil láidir gurb í an fhadhb is measa atá againn sa tír seo faoi láthair ná an **dífhostaíocht** (unemployment). Fásann na fadhbanna eile as an mórfhadhb bhunúsach seo, a scriosann saol an duine agus an córas maireachtála atá againn, ach ní neart go cur le chéile. Tá dlúthbhaint le feiscint idir **coiriúlacht** (crime), **bochtanas** (poverty) agus dífhostaíocht. Seachtain i ndiaidh seachtaine tarraingíonn na mílte duine ar an gcúnamh dífhostaíochta. Is scéal leanúnach é sin lá i ndiaidh lae.

Cheana féin, tá dul chun cinn thar na bearta déanta ag na Rialtais éagsúla ina n-iarrachtaí dul i ngleic leis an bhfadhb seo, agus ní foláir nó go dtiocfaidh feabhas mór air san aois romhainn. Chomh maith leis sin, tá súil agam go mbeimid in ann an **gnáthshaoránach** (ordinary citizen) a chosaint, ach ag an am céanna, caithfear **infheistíocht** a dhéanamh sna daoine atá i mbaol. Tá scéimeanna **piólótacha** (pilots) á gcur ar bun in áiteanna éagsúla a chuirfidh daoine óga ar bhealach a leasa, agus a stiúrfaidh iad ó bhóthar na coiriúlachta. Cuireann sé alltacht orm go bhfuil fadhb na coiriúlachta agus fadhb an fhoréigin i bhfad níos fíorleithne anois ná riamh. Mar shochaí tá orainn dul i ngleic leis an bhfadhb toisc go bhfuil fadhb na coiriúlachta i ngach cúinne den tír fiú san **iargúlacht** (isolation).

Tá sé soiléir go bhfuil fadhbanna ollmhóra ag baint lenár gcóras sláinte. Gach uair a éistean tú leis an nuacht cloistear scéal **truamhéalach** (tragic) faoi sheandaoine ag fanacht ar thralaithe. Tá liostaí feithimh ag ardú gach lá, agus tá na haltraí faoi bhrú dochreidte. Tá sé **scannalach** (scandalous) go mbíonn seandaoine leochaileacha (vulnerable) ag fanacht i gcomhair **leighis** (medicine). Is í an fhirinne lom ná nach bhfuil an tAire Sláinte ag déanamh aon rud chun an fhadhb seo a leigheas. Tá an tAire Stephen Donnelly ag iarraidh muintir na hÉireann a chur ar a suaimhneas i dtaobh na faidhbe ach measaim féin go bhfuil iarrachtaí ar siúl aige chun an fhirinne a chur i bhfolach. Ní focail a theastaíonn, a Aire, ach gníomh, gníomh fóna

Bheinn ag súil freisin go ndéanfadh ár n-aontas leis an Eoraip fadhb an Tuaiscirt a réiteach san aonú aois is fiche. Is liosta le háireamh iad na daoine neamhurchóideacha a bhfuil a mbeatha múchta ag gunnaí nó bataráil. Caithfear an **deighilt** (division) stairiúil, an deighilt reiligiúin, an scoilt fhoréigneach sin idir Ghaeil a réiteach ar chuma éigin san aois atá romhainn.

Táim **dóchasach** (hopeful) faoi thodhchaí na teanga. Creidim féin go mbeidh an Ghaeilge beo beathach sa chéad romhainn, agus creidim freisin go mbeidh go leor daoine, idir óg agus aosta, sásta agus toilteanach í a labhairt. Tá borradh agus fás ag teacht faoi ghluaiseacht na scoileanna lán-Ghaelacha, tá ag éirí go han-mhaith le Radio na Gaeltachta agus Radio na Life lucht éisteachta a mhealladh, gan trácht a dhéanamh ar an dea-obair atá ar bun ag TG4 le blianta beaga anuas. .

Cé go bhfuil an teanga á himeallú sna Gaeltachtaí de shíor, tá tacaíocht á thabhairt di i measc na n-óg. Tá níos mó daoine óga ag labhairt na teanga sna cathracha agus sna bailte móra ná mar a bhí riamh. Is ábhar dóchais dúinn é seo, agus ní fheicimse go dtiocfaidh aon mhaolú ar an gclaonadh seo san aois atá le teacht.

Mar fhocal scoir, is ar an dream óg féin a bhraithfidh cúrsaí na tíre amach anseo. Sinne maoin na tíre. Sinne féin réiteach na faidhbe ar bhealach. Ar aon nós caithfear a bheith dóchasach, mar spreagann dóchas **misneach** (courage), spreagann misneach gníomh agus spreagann gníomh dul chun cinn. Níl aon teora le dóchas agus creideamh i mo thuairimse. Is maith an scéalaí an aimsir. Bímis dearfach agus cuirimis chuige le misneach.

